An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

ACHT NA GAELTACHTA 2012

TREOIRLÍNTE PLEANÁLA TEANGA

arna bhfoilsiú ag
an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
i gcomhar le
hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

Foras na Gaeilge

Eagrán 3 – Bealtaine 2016

CLÁR

	Leathanach
1. RÉAMHRÁ	3
2. CÚLRA	4
3. AN PHLEANÁIL TEANGA	7
4. CONAS PLEAN TEANGA A ULLMHÚ AGUS A CHUR I BHFEIDHM	8
5. RÓL NA BPÁIRTITHE LEASMHARA	13
6. ACHT NA GAELTACHTA AGUS AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA	18
- LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA	20
- BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA	24
- LÍONRAÍ GAEILGE	29
7. CÓRAS FAISNÉISE GEOGRAFAÍ (GIS)	32
8. TUILLEADH EOLAIS AGUS NAISC USÁIDEACHA	33
AGUISÍN 1: CRITÉIR PLEANÁLA TEANGA	34
AGUISÍN 2: SONRAÍ FAOI NA LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA	37
AGUISÍN 3: MÚNLA DO PHLEAN TEANGA	49
AGUISÍN 4: CONAS AN T-AMHARCÓIR MAPA (GIS) A ÚSÁID	56

1. RÉAMHRÁ

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus na treoirlínte pleanála teanga seo á bhfoilsiú acu, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus le Foras na Gaeilge, léargas a thabhairt ar an bpróiseas pleanála teanga mar a bhaineann sé le cur i bhfeidhm Acht na Gaeltachta 2012. Tá na treoirlínte seo dírithe go príomha ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí a bheidh freagrach as ullmhú agus as feidhmiú na bpleananna teanga faoin Acht. Ina theannta sin, beidh na treoirlínte seo ina gcuidiú don earnáil dheonach, don earnáil phoiblí agus don earnáil phríobháideach a mbeidh ról acu ó thaobh tacaíocht a thabhairt, oiread agus is féidir, don phróiseas pleanála teanga.

Cuireann Acht na Gaeltachta 2012 an creatlach reachtúil ar fáil chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga ar bhonn comhordaithe. Táthar ag súil go mbeidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile chun tacú leis an nGaeilge sna ceantair éagsúla a bheidh aitheanta faoin Acht. Is trí phleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ag leibhéal an phobail a thabharfar tacaíocht don Ghaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile taobh amuigh den Ghaeltacht. Is é an cuspóir a bheidh ag na pleananna teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sna ceantair lena mbaineann siad chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí.

Cuimsítear sa tríú eagrán seo de na Treoirlínte Pleanála Teanga (foilsíodh an chéad eagrán i mí Eanáir 2014 agus eagrán 2 i mí na Nollag 2015), sonraí faoin gCóras Faisnéise Geografaí (GIS) don phróiseas pleanála teanga a tháinig ar an saol i mí na Nollag 2015 chomh maith le múnla níos iomláine do phlean teanga.

Chun léargas a fháil ar an bpróiseas pleanála teanga agus ar a chur i bhfeidhm, téigh go dtí suíomh gréasáin na Roinne:
http://www.ahg.gov.ie/ga/gaeltacht/20-year-strategy-for-the-irish-language-2010-2030/language-planning-process/.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Bealtaine 2016

2. CÚLRA

Tá sé mar aidhm ag an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú go 250,000 duine, líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú faoi 25% agus an líon daoine a bhfuil eolas acu ar an nGaeilge a mhéadú go 2 mhilliún duine thar shaolré na Straitéise. Aithnítear sa Straitéis go bhfuil gá le córas pleanála teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal an phobail. D'eascair sé seo as moladh a rinneadh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* in 2007. Is tríd an bpróiseas pleanála teanga a thabharfar tacaíocht ar bhealach córasach, comhtháite don Ghaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile taobh amuigh den Ghaeltacht, áit a bhfuil tacaíocht an phobail don Ghaeilge.

Tugtar feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga in Acht na Gaeltachta 2012, áit a leagtar síos an próiseas faoina bhféadfaidh pobail i gceantair éagsúla aitheantas a bhaint amach mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta nó mar Líonraí Gaeilge.

- Tá **26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta** aitheanta ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun críche an Achta. Faoin Acht, déanfar an Ghaeltacht mar atá sí faoi láthair a athshainiú mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe ag na pobail sna limistéir éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht. Tá Údarás na Gaeltachta freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

- Is éard atá i gceist leis na **Bailte Seirbhíse Gaeltachta** ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó taobh leo agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na limistéir sin. Faoin Acht, caithfidh daonra de 1,000 duine ar a laghad a bheith i mbaile, de réir an daonáirimh is deireanaí, chun gur féidir é a áireamh mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Tá Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Ghaeltachta, ag brath ar cibé acu an bhfuil an baile suite laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó lasmuigh de.

- Is éard atá i gceist leis na **Líonraí Gaeilge** ná ceantair a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu maidir le tacaíocht pobail agus Stáit don Ghaeilge. Tá Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Líonraí Gaeilge.

Faoin Acht, tugtar aitheantas do na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail iontu i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga. Tabharfaidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, tacaíocht do na heagraíochtaí a bheidh roghnaithe acu chun pleananna teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sna ceantair éagsúla. Is í an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a bheidh freagrach as na pleananna teanga a fhaomhadh i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht.

Is i gcomhthéacs na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge* agus Acht na Gaeltachta a chuirfear an próiseas pleanála teanga i bhfeidhm sna ceantair éagsúla. Is trí chur chuige comhpháirtíochta idir an pobal agus na heagraíochtaí pobail, i gcomhar leis an earnáil

dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, is ea is fearr a chuirfear an próiseas pleanála teanga i bhfeidhm.

Táthar ag súil go mbeidh na buntáistí seo a leanas ag baint leis an bpróiseas pleanála teanga:

- Tabharfar deis don phobal trí na heagraíochtaí pobail ról lárnach a bheith acu sa phróiseas pleanála teanga ar bhonn áitiúil i gcomhréir lena gcuid mianta agus a gcomhthéacs sainiúil féin.
- Tabharfar le chéile ar bhealach níos éifeachtaí an raon leathan gníomhaíochtaí atá ar bun ag eagraíochtaí pobail agus ag eagraíochtaí poiblí chun tacú leis an nGaeilge sna ceantair éagsúla a bheidh aitheanta faoin Acht.
- Cuirfear leis na deiseanna foghlama trí dhea-chleachtas i réimse na pleanála teanga a bheith á roinnt sna ceantair éagsúla a bheidh aitheanta faoin Acht.
- Mar thoradh ar an gcur chuige comhtháite faoin bpróiseas pleanála teanga, cruthófar níos mó éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge sna ceantair éagsúla a bheidh aitheanta faoin Acht.

3. AN PHLEANÁIL TEANGA

Tá an iliomad sainmhínithe ar an bpleanáil teanga. Is féidir a rá go hachomair gurb éard atá i gceist leis an bpleanáil teanga ná modhanna pleanáilte faoina ndéantar iarracht tionchar a imirt ar an teanga a labhraítear in aon phobal faoi leith. Is féidir a rá freisin gur cnuasach smaointe, dlíthe, rialachán agus cleachtas atá ann chun athrú pleanáilte maidir le húsáid teanga i bpobal faoi leith a bhaint amach. Is é an sprioc atá ag an bpleanáil teanga sa chás seo ná lucht labhartha na Gaeilge a mhéadú agus buanú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail.

Tá réimse gníomhaíochtaí ag leibhéil éagsúla i gceist maidir le feidhmiú na pleanála teanga, lena n-áirítear:

- gníomhaíochtaí a eascraíonn go díreach as polasaithe an Stáit;
- gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bpobal agus leis na heagraíochtaí atá ag feidhmiú thar a gceann; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsochaí i gcoitinne san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach.

Tá tábhacht ar leith leis an bpleanáil teanga i ndáil leis na cinntí teanga a thógann an duine aonair maidir le cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí. Ina theannta sin, baineann an phleanáil teanga leis an gcaoi ina dtugann an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach agus an earnáil dheonach trí chéile tacaíocht don duine aonair chun na cinntí teanga sin a éascú ina ghnáthshaol laethúil. Tá na gnéithe seo a leanas ag croílár an phróisis pleanála teanga:

1. dearcadh i leith na Gaeilge
2. cumas sa Ghaeilge
3. úsáid na Gaeilge
4. cothú agus buanú pobal teanga
5. aistriú teanga ó ghlúin go glúin.

4. CONAS PLEAN TEANGA A ULLMHÚ AGUS A CHUR I BHFEIDHM

Is féidir coimriú mar seo a leanas a dhéanamh ar na céimeanna faoi leith a bhaineann le plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm:

Seo a leanas cur síos faoin 5 chéim faoi leith:

Céim 1: Cuspóirí an phlean teanga a aontú

Tosaíonn an próiseas pleanála teanga le haidhm straitéiseach don phlean teanga. Is ón aidhm straitéiseach a thiocfaidh cuspóirí an phlean agus is ó na cuspóirí a thiocfaidh na gníomhaíochtaí ar leith a bheidh sonraithe faoin bplean. Agus an aidhm straitéiseach don phlean á socrú, ba chóir a chinntiú gur aidhm í atá sonrach, intomhaiste, insroichte, ábhartha agus go bhfuil tréimhse ama luaite léi.

Thar aon ní eile, ní foláir a chinntiú ag an tús go bhfuil oiread agus is féidir den phobal toilteanach tacaíocht a thabhairt don aidhm straitéiseach a bhaineann leis an bplean teanga.

Ba chóir a bheith ar an airdeall faoi na nithe seo a leanas agus plean teanga á chur i dtoll a chéile:

- **Feasacht agus dílseacht an phobail:** Ba chóir go mbeadh sé soiléir don phobal cad atá i gceist leis an bpróiseas pleanála teanga, an tábhacht a bhaineann leis agus an ról lárnach atá le himirt ag an bpobal sa phróiseas sin. Beidh gá le feachtas feasachta a eagrú ar bhonn áitiúil chun spéis an phobail a chothú sa phróiseas agus chun a ndílseacht don phróiseas a chinntiú.

- **Úinéireacht:** Ba chóir go mbeadh an deis chuí ag an bpobal, agus ag gach páirtí leasmhar eile, ionchur leanúnach a bheith acu sa phróiseas pleanála teanga agus úinéireacht a ghlacadh ar an gcuid den phlean teanga a bhaineann leo.

- **Soiléireacht:** Ba chóir go mbeadh sé soiléir cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoin bplean, cé atá freagrach as gach gné den phlean agus cad iad na hacmhainní a bheidh ar fáil agus a bheidh ag teastáil chun gach gné den phlean a chur i gcrích.

- **Cumas:** Ba chóir go mbeadh an cumas, an taithí agus an saineolas cuí ag an eagraíocht a roghnófar chun tabhairt faoin bpleanáil teanga nó go mbeadh fáil ag an eagraíocht ar an saineolas cuí, de réir mar a theastaíonn.

- **An próiseas:** Ba chóir go mbeadh sé soiléir go bhfuil an próiseas pleanála teanga chomh tábhachtach leis an bplean féin agus le torthaí an phlean.

Céim 2: Taighde a dhéanamh chun an staid reatha a thuiscint

Ní mór a bheith soiléir faoi staid reatha na teanga laistigh den Limistéar Pleanála Teanga/Bhaile Seirbhíse Gaeltachta/Líonra Gaeilge atá i gceist. Beidh gá dá réir le taighde cuí maidir le:

- dearcadh an phobail i leith na Gaeilge;
- cumas an phobail í a labhairt;
- nósmhaireacht an phobail maidir lena húsáid;
- mianta an phobail ina leith; agus
- na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil don teanga go háitiúil.



D'fhéadfadh idir thaighde cainníochtúil agus cáilíochtúil a bheith ag teastáil:

- Baineann taighde cainníochtúil le sonraíocht staitisticiúil - mar shampla, an líon daoine a labhraíonn Gaeilge in aoisghrúpaí faoi leith. Is iondúil go mbailítear an cineál seo faisnéise trí úsáid a bhaint as an daonáireamh agus as ceistneoirí .
- Baineann taighde cáilíochtúil le dearcadh/iompar daoine a thomhais. Is iondúil go dtugtar faoin gcineál seo taighde trí agallaimh a chur ar dhaoine, trí ghrúpaí fócais a eagrú agus trí shuirbhéanna nó ceistneoirí a scaipeadh.
- Mar chuid den taighde, ba chóir eolas a bhailiú ar na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil don Ghaeilge go háitiúil agus ar na láidreachtaí, na laigí agus na heasnaimh a bhaineann leis na tacaíochtaí sin.

Sula ndéantar aon taighde, ba chóir breathnú ar an raon taighde ábhartha atá ar fáil cheana féin. Ba chóir úsáid chuí a bhaint as na critéir pleanála teanga atá leagtha amach faoi Acht na Gaeltachta mar fhráma tagartha. Tá na critéir ar fáil in **Aguisín 1.**

Seo a leanas na príomhréimsí ar a bhfuil na critéir bunaithe:

1. an córas oideachais, lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais;
2. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
3. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
4. deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
5. an earnáil ghnó;
6. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
7. na meáin chumarsáide;
8. seirbhísí poiblí;
9. pleanáil agus forbairt fhisiciúil;
10. seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire; agus
11. úsáid na Gaeilge i measc an phobail, dearcadh an phobail ina leith agus a mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne leis an bplean teanga.

Céim 3: Anailís a dhéanamh ar an taighde agus plean teanga a ullmhú

A luaithe a bheidh an taighde déanta, beidh anailís le déanamh ar thorthaí an taighde chun fáil amach cad iad na gníomhaíochtaí teanga a theastaíonn agus cad iad na tosaíochtaí teanga atá ann. Is ar an dúshraith fhianaise-bhunaithe seo a thógfar plean infheidhmithe. Is é an cuspóir atá leis an bpróiseas seo ná plean teanga a ullmhú:

- a thugann tús áite do ról agus do mhian an phobail agus na bpáirtithe leasmhara eile; agus
- atá comhdhéanta de bhearta atá sonrach, intomhaiste, insroichte, ábhartha agus a bhfuil tréimhse ama luaite leo le cur i bhfeidhm thar shaolré an phlean.

Tá múnla do phlean teanga ar fáil in **Aguisín 3** a chuimsíonn na gnéithe éagsúla nár mhiste a chur san áireamh agus plean teanga á ullmhú.

Céim 4: An plean teanga a chur i bhfeidhm

Is faoin eagraíocht a roghnófar a bheidh sé go príomha cur i bhfeidhm an phlean teanga a stiúradh go héifeachtach agus féachaint chuige go bhfuil na spriocanna éagsúla á mbaint amach ar bhonn céimnithe. Déanfar é seo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge agus na páirtithe leasmhara eile, de réir mar is cuí.

Dá shoiléire gach gné den phlean agus den chur i bhfeidhm, is ea is éifeachtaí a bheidh sé. Chuige sin, ní mór don eagraíocht a roghnófar stiúir theann ar bhonn leanúnach a bheith aici ar an bpróiseas chun an plean a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Céim 5: Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an phlean teanga

Is tréimhse fhorfheidhmithe 7 mbliana a bheidh i gceist le pleananna teanga agus déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn an ama sin. Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú eatramhach ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 3 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé i gceist freisin go ndéanfar athbhreithniú críochnúil ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 6 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé de cheart ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ag tréimhsí éagsúla nó ar bhonn níos minice ná na tréimhsí atá sonraithe anseo má fheictear go bhfuil gá lena leithéid. Is próiseas atriallach atá sa phróiseas pleanála teanga a ndéanfar athnuachan air ag deireadh gach timthriall forfheidhmithe 7 mbliana.

5. RÓL NA BPÁIRTITHE LEASMHARA

Tugtar léargas sa chaibidil seo ar an ról ar leith atá ag na páirtithe leasmhara seo a leanas sa phróiseas pleanála teanga:

- na heagraíochtaí a roghnaítear agus an pobal
- na heagraíochtaí deonacha áitiúla agus an earnáil ghnó áitiúil
- an earnáil phoiblí áitiúil
- Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí agus
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Is creatlach atá in Acht na Gaeltachta chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga ar bhonn comhordaithe leis na hearnálacha éagsúla ag obair as lámha a chéile. Dá réir sin, is ar bhonn comhoibritheach a chuirfear na pleananna teanga i bhfeidhm taobh istigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil agus i gcomhthéacs an éilimh ón bpobal.

Na heagraíochtaí a roghnófar agus an pobal

Is faoi na heagraíochtaí a roghnaítear chun críche na pleanála teanga faoin Acht a bheidh sé na pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú i gcomhar leis an bpobal. Tá sé tábhachtach go mbeidh na heagraíochtaí a roghnófar in ann iad féin a eagrú ar an mbealach cuí chun go mbeidh spéis an phobail áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara áitiúla eile cothaithe sa phróiseas pleanála teanga i rith an ama. Chuige sin, ba chóir go mbeadh na heagraíochtaí a roghnófar ag feidhmiú ar bhealach atá ionadaíoch ar an bpobal áitiúil i rith an phróisis pleanála teanga. Táthar ag súil go ndéanfaidh na heagraíochtaí a roghnófar an bainistiú cuí ar cibé acmhainní a bheidh ar fáil dóibh chun gur féidir an leas is fearr a bhaint astu i rith an phróisis pleanála teanga.

Ós rud é go bhfuil tábhacht ar leith leis an bprionsabal 'ón mbonn aníos' don phróiseas pleanála teanga, beidh na heagraíochtaí a roghnófar ag obair as lámha a chéile i gcomhar leis an bpobal áitiúil i rith an phróisis. Is faoin bpobal áitiúil a bheidh sé tacaíocht a thabhairt ar bhonn gníomhach don phróiseas pleanála teanga. Is féidir leis an bpobal tacú leis an bpróiseas:

- tríd an Ghaeilge a roghnú mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail;
- trí úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sna heagraíochtaí deonacha ina bhfuil siad páirteach;
- trí sheirbhísí poiblí agus/nó príobháideacha a éileamh trí mheán na Gaeilge; agus/nó
- trí pháirt ghníomhach a ghlacadh san eagraíocht a roghnófar chun an plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú.

Na heagraíochtaí deonacha áitiúla agus an earnáil ghnó áitiúil

Táthar ag súil go nglacfaidh na heagraíochtaí deonacha áitiúla páirt ghníomhach sa phróiseas pleanála teanga trí thacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí a roghnófar chun tabhairt faoin bpróiseas agus trí chur chun cinn na Gaeilge a spreagadh i measc na n-eagraíochtaí deonacha áitiúla. Táthar ag súil go mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach, dhearfach in ullmhú agus i gcur i bhfeidhm an phlean teanga ag na heagraíochtaí deonacha áitiúla, go háirithe an chuid sin den phlean a bhaineann leo.

Ós rud é go gcuirfidh an próiseas pleanála teanga leis an mbunmhais chriticiúil a bheidh i bhfabhar na Gaeilge ag an leibhéal áitiúil, táthar ag súil go dtiocfaidh éileamh, dá reir, ón bpobal ar sheirbhísí i nGaeilge a bheith ar fáil ón earnáil ghnó áitiúil. Mar thoradh ar an bpróiseas pleanála teanga, táthar ag súil freisin go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí sa phobal áitiúil i measc eagraíochtaí deonacha agus an earnáil ghnó áitiúil araon.

An earnáil phoiblí áitiúil

Chomh fada is a bhaineann sé leis an bpróiseas 'ón mbarr anuas', beidh tacaíocht chuí ón earnáil phoiblí áitiúil ina ghné thábhachtach den phróiseas pleanála teanga. Sna critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht, luaitear seirbhísí poiblí i gcoitinne trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sna ceantair éagsúla atá i gceist chomh maith le réimsí seirbhísí poiblí ar leith a bheith ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí oideachais, cúraim leanaí, tacaíochta teaghlaigh agus pleanála.

Tá pleananna forfheidhmithe foilsithe faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* ag na Ranna Rialtais ábhartha maidir leis na bearta ar leith a bhfuil sé i gceist acu a chur i bhfeidhm faoin Straitéis. Ina theannta sin, tá scéimeanna teanga aontaithe leis an iliomad comhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge. Táthar ag súil go ndéanfaidh an earnáil phoiblí na socruithe cuí ag an leibhéal áitiúil chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga, taobh istigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil, ar bhealach a chuirfidh leis na bearta atá á gcur i bhfeidhm faoin Straitéis agus leis na seirbhísí poiblí atá ar fáil faoin Acht Teanga.

Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge

Is é Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, a bheidh freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair éagsúla. Is faoi Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, a bheidh sé próiseas trédhearcach iarratais a fhorbairt faoina ndéanfar eagraíochtaí leis an taithí chuí agus na scileanna cuí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair éagsúla.

Is faoi Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, a bheidh sé tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú. Is i bhfoirm saineolais agus comhairle go príomha a chuirfear an tacaíocht ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar. Ina theannta sin, is féidir le hÚdarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, maoiniú a chur ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

Is faoi Údarás na Gaeltachta nó faoi Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, atá sé a chinntiú go bhfuil an cur chuige don phleanáil teanga á chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe sna limistéir, sna bailte agus sna líonraí agus go bhfuil dea-chleachtas á roinnt idir na ceantair éagsúla.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na fógraí agus na horduithe éagsúla faoin Acht i gcás na Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, na mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge. Cuirtear ar chumas an Aire iad seo a dhéanamh faoi alt 3 den Acht ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil agus tar éis comhairliúcháin le hAirí eile, de réir mar is cuí.

Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta próiseas comhairliúcháin a reáchtáil maidir leis na bailte is oiriúnaí le roghnú le bheith aitheanta faoin Acht mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta. Tar éis don Roinn an próiseas comhairliúcháin a reáchtáil, déanfaidh an tAire cinneadh maidir leis na bailte atá i gceist a roghnú le bheith mar

Bhailte Seirbhíse Gaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna bailte éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.

Déanfaidh an Roinn na pleananna teanga uile a chuirfear faoi bhráid an Aire i gcás na Limistéar, na mBailte agus na Líonraí a mheas i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht. Ina theannta sin, déanfaidh an Roinn athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn an phróisis pleanála teanga.

Cé go mbeidh an phríomhfhreagracht ar Údarás na Gaeltachta agus ar Fhoras na Gaeilge faoi seach maidir le cabhrú leis na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair éagsúla, beidh ról maoirseachta ag an Roinn maidir le cur i bhfeidhm an phróisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta.

Beidh ról ag an Roinn i bplé le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí maidir leis na socruithe cuí a dhéanamh chun tacú leis an bpróiseas pleanála teanga ag an leibhéal áitiúil taobh istigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil. Déanfar é seo tríd an ról comhordaithe atá ag an Roinn faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus tríd an ról atá ag an Roinn in aontú scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

6. Acht na Gaeltachta agus an Próiseas Pleanála Teanga

Leagtar amach an próiseas pleanála teanga i gCuid II d'Acht na Gaeltachta 2012. Seo a leanas go hachomair an cur chuige a bheidh i gceist:

- Roghnóidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, eagraíochtaí chun pleananna teanga a ullmhú sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge. Tarlóidh sé seo thar thréimhse ama.
- Beidh tréimhse suas le 2 bhliain ag na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú. Cabhróidh Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, leis na heagraíochtaí le hullmhú na bpleananna seo.
- Is é an cuspóir a bheidh ag na pleananna teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sna ceantair lena mbaineann siad chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí.
- Tar éis don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta measúnú a dhéanamh ar na pleananna teanga i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht, déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na pleananna a fhaomhadh faoin Acht. Tabharfar aitheantas don cheantar atá i gceist mar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, nó mar Líonra Gaeilge, de réir mar is cuí.
- Beidh tréimhse 7 mbliana ag na heagraíochtaí a roghnófar chun na pleananna teanga a chur i gcrích le cabhair ó Údarás na Gaeltachta nó ó Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí.
- Déanfaidh an Roinn athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn na 7 mbliana sin.
- Is próiseas atriallach atá sa phróiseas pleanála teanga a ndéanfar athnuachan air ag deireadh gach timthriall forfheidhmithe 7 mbliana.

Déantar idirdhealú faoin Acht idir réimse feidhmeanna na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus na háisíneachtaí a thagann faoina scáth, is iad sin Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. Is í an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá freagrach as measúnú, faomhadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna teanga i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe agus as aitheantas a thabhairt do na ceantair éagsúla faoin Acht. Is iad Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, atá freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga. Is faoi Údarás na Gaeltachta nó faoi Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, atá sé a chinntiú go bhfuil an cur chuige don phleanáil teanga á chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe sna limistéir, sna bailte agus sna líonraí agus go bhfuil dea-chleachtas á roinnt idir na ceantair éagsúla.

Aithnítear go mbeidh tacaíocht de dhíth ar na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair éagsúla. Beidh a leithéid ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar go príomha i bhfoirm saineolais agus comhairle ó Údarás na Gaeltachta nó ó Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí. Ina theannta sin, is féidir le hÚdarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, maoiniú a chur ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

Tá na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoi alt 12 den Acht ar fáil in **Aguisín 1.** Bainfear leas as na critéir seo agus measúnú á dhéanamh ar ullmhú agus ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga sna ceantair éagsúla. Dá bhrí sin, ba chóir do na heagraíochtaí a roghnófar chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga a bheith airdeallach faoi na critéir agus iad ag ullmhú agus ag feidhmiú na bpleananna teanga.

Seo a leanas léargas iomlán ar an bpróiseas pleanála teanga faoin Acht sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge:

LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA

Tá 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta aitheanta ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun críche an Achta. Tá an liosta iomlán de na limistéir agus na toghranna a bhaineann leo ar fáil in **Aguisín 2.** Faoin Acht, déanfar an Ghaeltacht mar atá sí faoi láthair a athshainiú mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna limistéir éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe. Tá Údarás na Gaeltachta freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

Tá na céimeanna seo le tógáil san ord seo a leanas faoin bpróiseas pleanála teanga i gcás na Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta:

Fógraí faoi na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta

- Faoi alt 7 den Acht, déanfar an Ghaeltacht mar atá sí faoi láthair a athshainiú mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna limistéir éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.
- Faoi alt 7(3) den Acht, foilseoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fógra i gcás gach aon limistéar ag rá go bhfuil sé ar intinn aige an limistéar atá i gceist a ainmniú le hordú mar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta. Déanfar sainiú san fhógra ar na toghranna a bhaineann leis an limistéar atá i gceist, ar an tréimhse inar féidir le heagraíochtaí iarratas a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta chun a bheith roghnaithe mar eagraíochtaí chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sa limistéar, agus ar an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar plean teanga a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le faomhadh.
- Foilseofar na fógraí faoin Acht thar thréimhse ama de réir mar a bheidh eagraíochtaí sna limistéir éagsúla nó taobh leo réitithe chun iarratais a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta agus de réir mar a bheidh Údarás na Gaeltachta réitithe chun cabhrú leis na heagraíochtaí a roghnófar chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna limistéir éagsúla.

Roghnú eagraíochtaí chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga

- Is é Údarás na Gaeltachta a bheidh freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta. Beidh na heagraíochtaí a roghnófar lonnaithe sna limistéir éagsúla a bheidh i gceist nó taobh leo.
- Is faoi Údarás na Gaeltachta a bheidh sé próiseas trédhearcach iarratais a fhorbairt faoina ndéanfar eagraíochtaí leis an taithí chuí agus na scileanna cuí a roghnú chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna limistéir éagsúla.
- Roghnófar na heagraíochtaí don tréimhse iomlán den timthriall pleanála teanga, is é sin suas le 2 bhliain chun plean teanga a ullmhú agus 7 mbliana chun plean teanga a chur i bhfeidhm. Ag deireadh an timthrialla sin, fógrófar próiseas iarratais eile chun eagraíochtaí a roghnú don chéad timthriall eile.
- Más rud é nach ndéanann aon eagraíocht iarratas chuig Údarás na Gaeltachta chun a bheith roghnaithe, is féidir an limistéar atá i gceist a eisiamh ón nGaeltacht le hordú Aireachta faoi alt 7(5) den Acht.
- Más rud é go dteipeann ar aon eagraíocht a roghnaítear plean teanga a ullmhú, agus más rud é gurb í tuairim an Aire nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht plean a ullmhú laistigh de thréimhse ama réasúnach, is féidir leis an Aire iarraidh ar Údarás na Gaeltachta eagraíocht eile a raibh iarratas déanta aici chuig an Údarás a roghnú nó mura raibh iarratas déanta chuig an Údarás ag aon eagraíocht, is féidir an limistéar atá i gceist a eisiamh ón nGaeltacht le hordú Aireachta faoi alt 7(10) den Acht.

Pleananna teanga a ullmhú

- Tabharfar tréimhse suas le 2 bhliain, ón dáta ar a roghnaíonn Údarás na Gaeltachta na heagraíochtaí, chun pleananna teanga a chur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhair a measúnaithe i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.
- Is faoi Údarás na Gaeltachta a bheidh sé tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú. Nuair atá na pleananna teanga ullmhaithe go caighdeán atá sásúil do na heagraíochtaí agus d'Údarás na Gaeltachta, cuirfear faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta iad le faomhadh.

- Faoi alt 7(9) den Acht, is féidir leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta síneadh a chur leis an tréimhse ar laistigh di a chuirfear an plean teanga faoina bhráid le faomhadh.

Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a ainmniú le hordú

- Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na pleananna teanga a chuirfear faoi bhráid an Aire a mheas i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht.
- Má tá an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sásta le caighdeán an phlean a cuireadh faoina bhráid le faomhadh, déanfaidh an tAire ordú faoi alt 7(2) den Acht ag ainmniú an limistéir shonraithe mar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta.
- Sa chás nach gceadaíonn an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an plean teanga a chuirtear faoina bhráid, agus sa chás go bhfuil an tAire den tuairim nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar plean inghlactha a chur faoina bhráid, is féidir leis an Aire iarraidh ar Údarás na Gaeltachta eagraíocht eile a raibh iarratas déanta aici chuig an Údarás a roghnú nó, mura raibh iarratas déanta chuig an Údarás ag aon eagraíocht, is féidir an limistéar atá i gceist a eisiamh ón nGaeltacht le hordú Aireachta faoi alt 7(13) den Acht.

Pleananna teanga a chur i bhfeidhm

- Tar éis do na pleananna teanga a bheith faofa ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, beidh tréimhse 7 mbliana ag na heagraíochtaí a roghnófar chun na pleananna teanga a chur i bhfeidhm le cabhair ó Údarás na Gaeltachta.
- Beidh tacaíocht ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar go príomha i bhfoirm saineolais agus comhairle ó Údarás na Gaeltachta. Ina theannta sin, is féidir le hÚdarás na Gaeltachta maoiniú a chur ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga

- Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn na 7 mbliana sin. Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú eatramhach ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 3 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé i gceist freisin go

ndéanfar athbhreithniú críochnúil ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 6 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé de cheart ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ag tréimhsí éagsúla, nó ar bhonn níos minice ná na tréimhsí atá sonraithe anseo, má fheictear go bhfuil gá lena leithéid.

- Is próiseas atriallach atá sa phróiseas pleanála teanga a ndéanfar athnuachan air ag deireadh gach timthriall forfheidhmithe 7 mbliana. Más rud é go bhfuil plean teanga á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, cuirfear tús in athuair leis an bpróiseas pleanála teanga agus le próiseas iarratais Údarás na Gaeltachta chun eagraíochtaí a roghnú don chéad timthriall eile den phróiseas.
- Más rud é nach bhfuil plean teanga á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, iarrfaidh an tAire go foirmiúil ar an eagraíocht atá roghnaithe easnaimh shainaitheanta sa phlean a leigheas laistigh de thréimhse shonraithe ama faoi alt 8(4) den Acht. Is féidir leis an Aire síneadh a chur leis an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh sa phlean a leigheas faoi alt 8(5) den Acht.
- Más rud é go bhfuil an tAire den tuairim nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean teanga a chur i bhfeidhm nó a chur i bhfeidhm go leordhóthanach, féadfaidh an tAire an limistéar atá i gceist a eisiamh ón nGaeltacht le hordú Aireachta, tar éis dó dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta faoi alt 8(7) den Acht.

BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA

Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó taobh leo agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na pobail sna limistéir sin. Faoin Acht, caithfidh daonra de 1,000 duine ar a laghad a bheith i mbaile, de réir an daonáirimh is deireanaí, chun gur féidir é a áireamh mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Tabharfar aitheantas faoin Acht do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna bailte éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.

Tá Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta, ag brath ar cibé acu an bhfuil an baile suite laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó lasmuigh de. Tá an fhéidearthacht ann go bhféadfadh baile ar leith a bheith áirithe mar chuid de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta agus freisin mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta as féin. Sa chás seo, bheadh plean teanga le hullmhú agus le feidhmiú i gcás an limistéir, lena n-áirítear an baile, chun aitheantas a fháil mar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta. Ina theannta sin, bheadh plean teanga le hullmhú agus le feidhmiú i gcás an bhaile chun aitheantas a fháil mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

Próiseas Comhairliúcháin

De thoradh próiseas comhairliúcháin a eagraíodh in 2014 roghnaíodh na bailte a leanas mar bhailte a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar bhailte Seirbhíse Gaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna bailte éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe faoi Acht na Gaeltachta.

Contae	Baile
Dún na nGall	Leitir Ceanainn An Clochán Liath Baile Dhún na nGall
Maigh Eo	Béal an Mhuirthead Baile an Róba Caisleán an Bharraigh
Gaillimh	Cathair na Gaillimhe An Clochán
Ciarraí	Daingean Uí Chúis Trá Lí Cathair Saidhbhín
Corcaigh	Cathair Chorcaí Maigh Chromtha
Port Láirge	Dún Garbhán
An Mhí	Baile Átha Buí An Uaimh

Tá sé aontaithe le Údarás na Gaeltachta agus le Foras na Gaeilge go ndíreofar i dtús báire ar na bailte Leitir Ceanainn, Daingean Uí Chúis agus Cathair na Gaillimhe.

Tá na céimeanna seo le tógáil san ord seo a leanas faoin bpróiseas pleanála teanga i gcás na mBailte Seirbhíse Gaeltachta:

Fógraí faoi na Bailte Seirbhíse Gaeltachta

- Faoi alt 9(2) den Acht, foilseoidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fógraí i gcás na mbailte atá roghnaithe aige ag rá go bhfuil sé ar intinn aige iad a ainmniú le hordú mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta. Déanfar sainiú san fhógra ar an tréimhse inar féidir le heagraíochtaí iarratas a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta nó chuig Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, chun a bheith roghnaithe mar eagraíochtaí chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna bailte atá i gceist, agus ar an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar pleananna teanga a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire le faomhadh.
- Faoi alt 9(4) den Acht, foráiltear go bhféadfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fógra eile a fhoilsiú sa chás nach bhfuil aon eagraíocht tar éis iarratas a dhéanamh faoi alt 9(2) den Acht.
- Foilseofar na fógraí faoin Acht thar thréimhse ama de réir mar a bheidh eagraíochtaí réitithe chun iarratais a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta nó chuig Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, agus de réir mar a bheidh Údarás na

Gaeltachta nó Foras na Gaeilge réitithe chun cabhrú leis na heagraíochtaí a roghnófar chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna bailte éagsúla.

Roghnú eagraíochtaí chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga

- Is é Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge a bheidh freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna Bailte Seirbhíse Ghaeltachta, ag brath ar cibé acu an bhfuil an baile suite laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó lasmuigh de. Beidh na heagraíochtaí a roghnófar lonnaithe sna bailte éagsúla a bheidh i gceist.
- Is faoi Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, a bheidh sé próiseas trédhearcach iarratais a fhorbairt faoina ndéanfar eagraíochtaí leis an taithí chuí agus na scileanna cuí a roghnú chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna bailte éagsúla.
- Roghnófar na heagraíochtaí don tréimhse iomlán den timthriall pleanála teanga, is é sin suas le 2 bhliain chun plean teanga a ullmhú agus 7 mbliana chun plean teanga a chur i bhfeidhm. Ag deireadh an timthrialla sin, fógrófar próiseas iarratais eile chun eagraíochtaí a roghnú don chéad timthriall eile.
- Más rud é go dteipeann ar aon eagraíocht a roghnaítear plean teanga a ullmhú, agus más rud é gurb í tuairim an Aire nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann gur féidir leis an eagraíocht plean a ullmhú laistigh de thréimhse ama réasúnach, is féidir leis an Aire iarraidh ar Údarás na Gaeltachta nó ar Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, eagraíocht eile a roghnú a raibh iarratas déanta aici chuig an Údarás nó chuig an bhForas a roghnú nó is féidir leis an Aire fógra eile a fhoilsiú faoi alt 9(10) den Acht.

Pleananna teanga a ullmhú

- Tabharfar tréimhse suas le 2 bhliain, ón dáta ar a roghnaíonn Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, na heagraíochtaí, chun pleananna teanga a chur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhair a measúnaithe i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.
- Is faoi Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, a bheidh sé tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú. Nuair atá na pleananna teanga ullmhaithe go caighdeán atá sásúil do na

heagraíochtaí agus d'Údarás na Gaeltachta nó d'Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí, cuirfear faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta iad le faomhadh.

- Faoi alt 9(9) den Acht, is féidir leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta síneadh a chur leis an tréimhse ar laistigh di a chuirfear an plean teanga faoina bhráid le faomhadh.

Bailte Seirbhíse Gaeltachta a ainmniú le hordú

- Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na pleananna teanga a chuirfear faoi bhráid an Aire a mheas i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht.
- Má tá an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sásta le caighdeán an phlean atá curtha faoina bhráid le faomhadh, déanfaidh an tAire ordú faoi alt 9(1) den Acht ag ainmniú an baile sonraithe mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.
- Sa chás nach gceadaíonn an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an plean teanga a chuirtear faoina bhráid agus sa chás go bhfuil an tAire den tuairim nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar plean inghlactha a chur faoina bhráid, is féidir leis an Aire iarraidh ar Údarás na Gaeltachta nó ar Fhoras na Gaeilge eagraíocht eile a raibh iarratas déanta aici chuig an Údarás nó chuig an bhForas a roghnú nó fógra eile a fhoilsiú faoi alt 9(13) den Acht.

Pleananna teanga a chur i bhfeidhm

- Tar éis do na pleananna teanga a bheith faofa ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, beidh tréimhse 7 mbliana ag na heagraíochtaí a roghnófar chun na pleananna teanga a chur i bhfeidhm le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta nó ó Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí.
- Beidh tacaíocht ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar go príomha i bhfoirm saineolais agus comhairle ó Údarás na Gaeltachta nó ó Fhoras na Gaeilge, de réir mar is cuí. Ina theannta sin, is féidir le hÚdarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, maoiniú a chur ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga

- Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn na 7 mbliana sin. Tá

sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú eatramhach ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 3 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé i gceist freisin go ndéanfar athbhreithniú críochnúil ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 6 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé de cheart ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ag tréimhsí éagsúla, nó ar bhonn níos minice ná na tréimhsí atá sonraithe anseo, má fheictear go bhfuil gá lena leithéid.

- Is próiseas atriallach atá sa phróiseas pleanála teanga a ndéanfar athnuachan air ag deireadh gach timthriall forfheidhmithe 7 mbliana. Más rud é go bhfuil plean teanga á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, cuirfear tús in athuair leis an bpróiseas pleanála teanga agus le próiseas iarratais Údarás na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, chun eagraíochtaí a roghnú don chéad timthriall eile den phróiseas.
- Más rud é nach bhfuil plean teanga á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, iarrfaidh an tAire go foirmiúil ar an eagraíocht atá roghnaithe easnaimh shainaitheanta a leigheas laistigh de thréimhse shonraithe ama faoi alt 10(4) den Acht. Is féidir leis an Aire síneadh a chur leis an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh sa phlean a leigheas faoi alt 10(5) den Acht.
- Más rud é go bhfuil an tAire den tuairim nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean teanga a chur i bhfeidhm nó a chur i bhfeidhm go leordhóthanach, féadfaidh an tAire an baile atá i gceist a chúlghairm mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, tar éis dó dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta nó le Foras na Gaeilge, de réir mar is cuí, faoi alt 10(7) den Acht.

LÍONRAÍ GAEILGE

Is éard atá i gceist leis na Líonraí Gaeilge ná ceantair a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu maidir le tacaíocht pobail agus Stáit don Ghaeilge. Tabharfar aitheantas faoin Acht do Líonraí Gaeilge ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna líonraí éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe. Tá Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Líonraí Gaeilge.

Tá na céimeanna seo le tógáil san ord seo a leanas faoin bpróiseas pleanála teanga i gcás na Líonraí Gaeilge:

Roghnú eagraíochtaí chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga

- Is é Foras na Gaeilge a bheidh freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna Líonraí Gaeilge. Beidh na heagraíochtaí a roghnófar lonnaithe sna líonraí éagsúla a bheidh i gceist.
- Is faoi Fhoras na Gaeilge a bheidh sé próiseas trédhearcach iarratais a fhorbairt faoina ndéanfar eagraíochtaí leis an taithí chuí agus na scileanna cuí a roghnú chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga sna líonraí éagsúla.
- Roghnófar na heagraíochtaí don tréimhse iomlán den timthriall pleanála teanga, is é sin suas le 2 bhliain chun plean teanga a ullmhú agus 7 mbliana chun plean teanga a chur i bhfeidhm. Ag deireadh an timthrialla sin, fógrófar próiseas iarratais eile chun eagraíochtaí a roghnú don chéad timthriall eile.

Pleananna teanga a ullmhú

- Tabharfar tréimhse suas le 2 bhliain, ón dáta ar a roghnaíonn Foras na Gaeilge na heagraíochtaí, chun pleananna teanga a chur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhair a measúnaithe i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.
- Is faoi Fhoras na Gaeilge a bheidh sé tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú. Nuair atá na pleananna teanga ullmhaithe go caighdeán atá sásúil do na heagraíochtaí agus d'Fhoras na Gaeilge, cuirfear faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta iad le faomhadh.

Líonraí Gaeilge a ainmniú le hordú

- Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na pleananna teanga a chuirfear faoi bhráid an Aire a mheas i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga atá forordaithe faoin Acht.
- Má tá an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sásta le caighdeán an phlean atá curtha faoina bhráid le faomhadh, déanfaidh an tAire ordú faoi alt 11(1) den Acht ag ainmniú an líonra sonraithe mar Líonra Gaeilge.

Pleananna teanga a chur i bhfeidhm

- Tar éis do na pleananna teanga a bheith faofa ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, beidh tréimhse 7 mbliana ag na heagraíochtaí a roghnófar chun na pleananna teanga a chur i bhfeidhm le cabhair ó Fhoras na Gaeilge.
- Beidh tacaíocht ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar go príomha i bhfoirm saineolais agus comhairle ó Fhoras na Gaeilge. Ina theannta sin, is féidir le Foras na Gaeilge maoiniú a chur ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga

- Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga le linn na 7 mbliana sin. Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú eatramhach ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 3 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé i gceist freisin go ndéanfar athbhreithniú críochnúil ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 6 den chur i bhfeidhm de ghnáth. Tá sé de cheart ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ag tréimhsí éagsúla, nó ar bhonn níos minice ná na tréimhsí atá sonraithe anseo, má fheictear go bhfuil gá lena leithéid.
- Is próiseas atriallach atá sa phróiseas pleanála teanga a ndéanfar athnuachan air ag deireadh gach timthriall forfheidhmithe 7 mbliana. Más rud é go bhfuil plean teanga á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, cuirfear tús in athuair leis an bpróiseas pleanála teanga agus le próiseas iarratais Fhoras na Gaeilge chun eagraíochtaí a roghnú don chéad timthriall eile den phróiseas.
- Más rud é nach bhfuil plean teanga á chur i bhfeidhm chun sástacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, iarrfaidh an tAire go foirmiúil ar an

eagraíocht atá roghnaithe easnaimh shainaitheanta a leigheas laistigh de thréimhse shonraithe ama faoi alt 11(6) den Acht. Is féidir leis an Aire síneadh a chur leis an tréimhse ar laistigh di a dhéanfar na heasnaimh sa phlean a leigheas faoi alt 11(7) den Acht.

- Más rud é go bhfuil an tAire den tuairim nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar an plean teanga a chur i bhfeidhm nó a chur i bhfeidhm go leordhóthanach, féadfaidh an tAire an líonra atá i gceist a chúlghairm mar Líonra Gaeilge, tar éis dó dul i gcomhairle le Foras na Gaeilge faoi alt 11(9) den Acht.

7. Córas Faisnéise geografaí (GIS) – Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta



Chun tacú tuilleadh le cur i bhfeidhm an phróisis pleanála teanga sa Ghaeltacht, tá Córas Faisnéise Geografaí forbartha ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta[1] do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta. Is ar bhonn beta atá an córas á fhoilsiú agus déanfar tuilleadh forbartha air, ag brath ar aiseolas a fhaightear ina leith.

Faoin gcóras seo tá eolas curtha ar fáil ar bhonn Toghroinne ag úsáid mapaí maidir le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá an fhaisnéis bunaithe ar thorthaí daonáireamh do na blianta 2006 agus 2011. Tá eolas sealadach curtha ar fáil chomh maith ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le suíomhanna agus daonra bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i leith na scoilbhliana 2014/2015.

Ina theannta sin tá lámhleabhar curtha i dtoll a chéile maidir le conas an t-amharcóir mapa a úsáid, a bhfuil nasc chuige ag: http://www.ahg.gov.ie/app/uploads/2015/12/conas-an-t-amharcoir-a-usaid-agus-faqs-gaeilge-leagan-criochnuil2.pdf. Mar áis, tá cóip chrua den ábhar ag **Aguisín 4** thíos.

nasc chuig an amharcóir thíos:

https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=3c2ff4d2fc1b49448c17662f94e23cda

[1] i gcomhar le Údarás na Gaeltachta, An Phríomhoifig Staidrimh (CSO) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

8. Tuilleadh Eolais agus Naisc Úsáideacha

Sonraí Teagmhála

- An Rannóg Pleanála Teanga
  An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
  Na Forbacha
  Co. na Gaillimhe
  ☎ 091 503700
  www.ahg.gov.ie

- Údarás na Gaeltachta
  Na Forbacha
  Co. na Gaillimhe
  ☎ 091 503100
  www.udaras.ie

- Foras na Gaeilge
  7 Cearnóg Mhuirfean
  Baile Átha Cliath 2
  ☎ 01 6398400
  www.forasnagaeilge.ie

Naisc Úsáideacha

- Acht na Gaeltachta 2012
  http://www.ahg.gov.ie/ga/legislation/gaeltacht-act-2012/

- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
  http://www.ahg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf

- Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011
  http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf

AGUISÍN 1: CRITÉIR PLEANÁLA TEANGA

Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta faoi fho-alt (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 7 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa limistéar iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.
9. Socruithe cuí a bheith ann sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13. Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14. Beartais fostaíochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.
15. A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.

17. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bplean teanga.

Critéir Pleanála Teanga do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta nó ag Foras na Gaeilge, de réir mar a bheidh, faoi fho-alt (5), (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 9 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa bhaile iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa bhaile iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an mbaile iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa bhaile iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa bhaile iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa bhaile iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa bhaile iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa bhaile iomchuí.
8. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa bhaile iomchuí.
9. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa bhaile iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
10. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa bhaile iomchuí.
11. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge san earnáil ghnó sa bhaile iomchuí.
12. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa bhaile iomchuí.
13. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa bhaile iomchuí.
14. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa bhaile iomchuí.
15. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa bhaile iomchuí leis an bplean teanga.

Critéir Pleanála Teanga do Líonraí Gaeilge

1. Eagraíocht, a measann Foras na Gaeilge í a bheith ionadaitheach don phobal faoi alt 11(3) d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa phobal iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa phobal iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an bpobal iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa phobal iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa phobal iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa phobal iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa phobal iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa phobal iomchuí.
8. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa phobal iomchuí.
9. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa phobal iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
10. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa phobal iomchuí.
11. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge san earnáil ghnó sa phobal iomchuí.
12. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa phobal iomchuí.
13. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa phobal iomchuí.
14. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa phobal iomchuí.
15. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa phobal iomchuí leis an bplean teanga.

AGUISÍN 2: SONRAÍ FAOI NA LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA

Seo a leanas liosta de na Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta:

Co. Dhún na nGall

1. Tuaisceart Dhún na nGall
2. Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir
3. Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh
4. Na Rosa
5. Árainn Mhór
6. An Ghaeltacht Láir
7. Dún na nGall Theas
8. Toraigh

Co. Mhaigh Eo

1. Maigh Eo Thuaidh
2. Maigh Eo Thiar

Co. na Gaillimhe

1. Oileáin Árann
2. Ceantar na nOileán
3. An Cheathrú Rua
4. Conamara Láir
5. Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh
6. Cois Fharraige
7. Maigh Cuilinn
8. Bearna agus Cnoc na Cathrach
9. Oirthear Chathair na Gaillimhe
10. An tEachréidh

Co. Chiarraí

1. Ciarraí Thiar
2. Ciarraí Theas

Co. Chorcaí

1. Múscraí
2. Cléire

Co. Phort Láirge

1. Na Déise

Co. na Mí

1. Ráth Chairn agus Baile Ghib

Seo a leanas sonraí faoi chomhdhéanamh tíreolaíoch na Limistéar:

Contae Dhún na nGall

Tuaisceart Dhún na nGall

1. An toghroinn ceantair seo a leanas: Ros Goill.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chaisleán na dTuath atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Doire Fada, Droim na Coilleadh agus Droim Miasan.

3. An chuid sin de thoghroinncheantair Charraig Airt atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Carraig Airt, Gleann Cheo agus Gort na Brád.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Na Ceathrú Caoile atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Na Mínte.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chnoc Colbha atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bun na Toinne, An Cheathrú Riabhach, An Leargain Bhreac, Na Mínte Móra agus Tír Leadáin.

6. An chuid sin de thoghroinn cheantair an Chraoslaigh atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Críonaire, Droim na Coradh, Droim Liafala agus Droim na Rátha.

7. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chreamhghoirt atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Charraig, Droim Mhic an Leadra, Duibhleann Mór, Duibhleann Riach agus Tulach.

8. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chríoch na Sméar atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Ghlaic agus Glasán.

9. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ghrianfoirt atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Cionn Droma agus Cúl Baic.

10. An chuid sin de thoghroinn cheantair Fhánaid Thiar atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Uí Fhuaruisce, An Caiseal, Dumhaigh Mhór, Fál Aonaosa, An Glaidhb, Gort na Trá, An Seisíoch, Tulaigh Chonaill agus Oileáin i mbá na Maoile Rua.

11. An chuid sin de thoghroinn cheantair Fhánaid Thuaidh atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile an Chnoic agus Baile na Brocaí, Baile na Loiste, Baile Mhicheáil, Baile Thiarnáin, An Baile Úr, Cionn an Locha, Cúl an Doire, Dumhaigh Bhig, Earra Thíre na Binne, Fán an Bhualtaigh, Machaire Dromann, Machaire Leacht, An Mhoirinn, Pollaid, An Rinn Bhuí, An Rinn Mhór, Seanach Dubh, Sliabh Chúl an Doire, Tuaim, Tulaigh na Dála agus ocht n-oileán bheaga amach ón gcósta.

12. An chuid sin de thoghroinn cheantair Loch Caol atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: An Ghabhail.

13. An chuid sin de thoghroinn cheantair an Tearmainn atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Bun an Abair, An Bearnas Íochtarach, An Bearnas Uachtarach, An Curraoin, Droim Díomhaoin, Droim Eochaille, Na Fánaibh agus An Srath Greadaithe.

14. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ghartáin atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Allt na dTadhg agus Sliabh na Cloigne Thuaidh.

15. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhín an Lábáin atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Ard an Chrainn, Baile an Scáile, Carraig an Tiompáin, Cnoc an Stualaire, Corr na gCuileann, Loch Beara nó An Cruaichín, Droim na bhFuath, Droim Salach, Droim na Searrach, Gleann Domhain Beag, Ionascail, Mín an Ghainimh, Na Polláin Dhubha, An Srath Mór agus An Srath Mór Uachtarach.

Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Machaire Chlochair, Cró Bheithe.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Anagaire atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Anagaire, An Coillín Darach, Doire na Mainséar, Droim na Ceárta, Sliabh Dhroim na Ceárta, Loch an Iúir, Mín Doire na Slua, Mín na Leice agus Rann na Feirste.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Dhún Lúiche atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Alltán, Na Beanna Gorma, Dún Lúiche Íochtarach, Dún Lúiche Uachtarach, Muine Beag, Muine Mór, Sliabh na Cloigne Thuaidh, Mín na gCopóg, Sliabh Dhroim na Luifearnaí, Cró an Locháin agus Cró na gCaorach.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhín an Chladaigh atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Charraig, Bun na Leaca, Cnoc Fola, An Chorrmhín, An Ghlaisigh, Inis Meáin, Mín an Chladaigh agus Inis Oirthir (gan Toraigh san áireamh).

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ghort an Choirce atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Glaise Chú.

Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh

1. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ghort an Choirce atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Ardaidh Bheag, An Ardaidh Mhór, Baile na Creige, Caoldroim Íochtarach, Caoldroim Uachtarach, Doire Chonaire, Fána Bhuí, Gort an Choirce, Inis Beag, Inis Bó Finne, Machaire Uí Rabhartaigh, Mín Lárach, Oileán Dúiche, Sliabh Mhachaire Uí Rabhartaigh, Sliabh na hArdadh Móire.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Dhún Lúiche atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Bhealtaine Íochtarach, An Bhealtaine Uachtarach, Sliabh na Bealtaine, Calhaem, An Caiseal, Caiseal na gCorr, Prochlais, An Sruthán Riach agus Tulacha Beigile Thiar.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair na gCroisbhealaí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Béal an Átha, Baile na Bó, Baile Chonaill, Baile naCreige Thoir, Baile an Easa, Baile an Teampaill, Bun na dTrí Sruthán, An Cheathrú Cheanainn, Cill Ulta, Cluain Báire, DoireUí Fhríl, Droim na Tine, Droim na Tine Uachtarach, Duibhlinn nó Barr Bhaile Chonaill, An Dún Mór, An Fál Carrach, An Glaidhb, Maigh Ráithe, Mín Chúil an tSeascainn, Duibhleann Riach, Sliabh Bhaile na Bó, Sliabh Bhaile an Easa, Tulacha Beigile Thoir agus oileán amach ón gcósta.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Dhún Fionnachaidh atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Oirear Dhumhaí Beag agus Oirear Dhumhaí Mór.

Na Rosa

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Inis Mhic an Doirn, An Clochán Liath, Leitir Mhic an Bhaird agus An Machaire.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Anagaire atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Bhráid, An Dún Mór, An Carn Buí, An Charraig Fhinn, Gort Lios Saighead, Mín Doire Ghabhann, Mullach Dearg, Sliabh Mhullach Dearg, Mullach Dubh Thuaidh agus Mullach Dubh Theas.

Árainn Mhór

1. An toghroinn ceantair seo a leanas: Árainn Mhór.

An Ghaeltacht Láir

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Baile na Finne, An Dúchoraidh, Gleann Léithín agus An Ghrafaidh.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Allt na Péiste atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Uí Chiaragáin, An Bhinn Dubh, An Bhinn Mhór, An Caiseal, Carraig Mhathúna, Cruach Leac, Cró na Ceithirne, An Deargchruach, Droim Dhoire Dhúnáin, Machaire an Chlaí, Srath an Ghallaigh, An Sruthán Garbh, An Sruthán Giobach, An Tóin Dubh agus An Tóin Dubh (Thompson).

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair na Binne Báine atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Cró na Sliabh, Cró an Chaorthainn, Luach na mBróg, Mín Chloiche Sparra agus Mín an Ghiúis Mhór.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair an Chlocháin atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Ailt Leathan, Ailt an tSneachta, Ard Bata, Baile na mBan, An Bhrocaigh, Buailte Pádraig, An Clochán Beag, An Chluain Chlaíoch, Cill Ráin, An Coimín, Cró na Doinne, An Fál Garbh, An Ghallbhuaile, An Gharbháin, Glaisigh Daibhéid, An Ghlaiseach Bheag, An Ghlaiseach Mhór, Leitir Bric, Mín an Laig, Mín Ghiolla Charraigh agus Srath na Bratóige.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair na nGleanntach atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bun Crúbóige, Corr na nGriollach, Doire Luacháin, Droim an Locha, Dúbinn, Dúrian, Mín an Fháil, Mín an Leargáin, An Mullán Mór, An Sealgán Beag, An Srath Buí, An Srath Salach agus Tulaigh na gCloigeann.

6. An chuid sin de thoghroinn cheantair Loch Iascaigh atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An tSruthail.

7. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhín Charraigeach atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Carraig an Langáin agus An Chomairce.

8. An chuid sin de thoghroinn cheantair Shuí Corr atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Mín na bPoll agus Mín an tSionnaigh.

Dún na nGall Theas

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Cill Charthaigh, Cill Ghabhlaigh, Cró Chaorach, Gleann Cholm Cille, Inis Caoil agus Málainn Bhig.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ard an Rátha atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Carraig an tSléibhe agus An Srath Uachtair.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ghleann Gheis atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Áighe, Gleann Gheis, Mín na Coilleadh, Mín na Gualanna, Mín na bPoll, Mín na Téighe, Mínte Seisce agus Sceadamán.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair na Leargadh Móire atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Mún, Cró na Saileach, An Chruach Bheag, Droim na Fiongaile, Gort Sháile, Leirg an Dachtáin, Leitir, Mín Uí Chanann, Mínte Caoracháin, Mucros, An Rualach, Srath Bruithne Íochtarach, Srath Bruithne Uachtarach, An Tamhnaigh agus Iomascan.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhaol Mosóg atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Allt na gCapall, An Caiseal, Cnoc na gCapall, Cró an Chaorthainn, Mín an Bhealaigh, Mín Ghiolla Charraigh agus Maol Mosóg.

Toraigh

1. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhín an Chladaigh atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Toraigh.

Contae Mhaigh Eo

Maigh Eo Thuaidh

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Béal an Mhuirthead, Cnoc na Lobhar, Cnoc na Ráithe, An Geata Mór Theas, An Geata Mór Thuaidh, Gleann Chaisil, Na Monga, Barr Rúscaí, Béal Deirg Mór, Cnoc an Daimh, Gleann na Muaidhe agus Moing na Bó.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Ghuala Mhór i gcontae Mhaigh Eo atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Troiste.

Maigh Eo Thiar

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Acaill, An Corrán agus Dumha Éige.

Contae na Gaillimhe

Oileáin Árann

1. An toghroinn ceantair seo a leanas: Árainn.

Ceantar na nOileán

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Garmna agus Leitir Móir.

An Cheathrú Rua

1. An toghroinn ceantair seo a leanas: An Crompán.

Conamara Láir

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Camas, Cill Chuimín (Uachtar Ard), An Turlach, Abhainn Ghabhla, An Cnoc Buí agus Scainimh.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhaírois i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Dún Riacháin, An Gharmain, Leitheanach Theas, Lios Uachtair agus An Tamhnach Mhór.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chloch na Rón i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Inis Ní, Iorras Beag Thiar agus Iorras Beag Thoir.

Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Conga, An Chorr, An Fhairche, An Ros, An Uillinn, Abhainn Bhrain, Baile an Chalaidh agus An Cheapaigh Dhuibh.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhinn an Choire i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bearna na nEang, Barr na nÓrán, Doire Fhada Thiar, Doire na bhFlann, Imleach Dhá Rú,

Fionasclainn, Gleann Eidhneach, Gleann Chóchan, Leitir Seithe, Leitrí agus Log an Tairbh.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Leitir Breacáin i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bun an Mheascáin, Cartrún an Phóna, Na Cnocáin Bhána, An Doirín, Na Grigíneacha, Na Lí, Muintir Eoghain Láir, Muintir Eoghain Thiar agus Muintir Eoghain Thoir.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile Óbha i gcontae Mhaigh Eo atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Doire Easa, Gort Bhun an Chuilinn, An Seanbhaile Ard, An Seanghort, agus An Tamhnaigh.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Phartraí i gcontae Mhaigh Eo atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: An tSraith.

6. An chuid sin de thoghroinn cheantair Thamhnaigh na Graí i gcontae Mhaigh Eo atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Coimín Dhoire an Daimh Dheirg, Doire an Daimh Dheirg agus Doirín na Scuaibe.

Cois Fharraige

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Cill Chuimín (Gaillimh), Sailearna, Cill Aithnín, An Spidéal agus Na Forbacha.

Maigh Cuilinn

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Maigh Cuilinn agus Sliabh an Aonaigh.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Thulaigh Mhic Aodháin i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Dóite, Ceathrú an Loistreáin, Cluain na Binne, Cnoc an tSeanbhaile, Cill Ráine, Droma Bheag, Gort an Chalaidh, Gort Uí Lochlainn, Liagán agus Tulaigh Mhic Aodháin.

Bearna agus Cnoc na Cathrach

1. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhearna i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Áth an Ghlugair, Na hAcraí Corra, An Aill, An tÁth Buí, Áit Tí Seonac, An Baile Ard Thiar, An Baile Ard Thoir, An Baile Nua, Baile an Bhrúnaigh, An Bhuaile Bheag Thiar, An Bhuaile Bheag Thoir, Buaile na Sruthán, An Chloch Scoilte, Cnoc Odhráin, Cnoc na Cathrach, An Chorrbhuaile (Lynch), An Chorrbhuaile (Morgan), Corr Chuilinn, An Droim Thiar, An Droim Thoir, Na Foraí Maola Thiar, Na Foraí Maola Thoir, Rinn na Mara, An Leac Liath, An Léana Riabhach, Lisín an Chaoráin, Loch Inse, An Pollach, An Chéibh, Tóin na Brocaí, Troscaigh Thiar agus Troscaigh Thoir.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhearna i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Cheapach, Baile na hAbhann, Baile na mBúrcach, An Léana Bodhar, An Coimín Mór, Baile an Mhóinín Thoir, Cluain na nGabhar (cuid), Gort na Leice, An Seanbhaile Dubh (cuid), Seanghort (cuid), Bearna (cuid) agus Baile an Mhóinín Thiar.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chnoc na Cathrach i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Cluain na nGabhar (cuid), An Seanbhaile Dubh (cuid), Seanghort (cuid), Bearna (cuid) agus An Roisín.

Oirthear Chathair na Gaillimhe

1. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile an Bhriotaigh i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Caisleán Gearr (cuid) agus An Pháirc Mhór.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair an Chaisleáin Ghearr i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Chaisleáin Ghearr (cuid), Baile an Dúlaigh (cuid) agus Baile an Phoill (cuid).

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Mhionlaigh i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Caisleán Gearr (cuid), Baile an Dúlaigh (cuid), Baile an Phoill (cuid), Cúil Each, Mionlach agus Tír Oileáin (cuid).

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair San Niocláis i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Tír Oileáin (cuid).

An tEachréidh

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Baile Chláir, An Carn Mór agus Eanach Dhúin (Gaillimh).

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile an Teampaill i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile an Gharráin agus An Poll Caoin.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Cheathrú an Bhrúnaigh i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Ceathrú an Bhrúnaigh, An Chluain, Cluain Mhic Cáinín, Coill Uachtair, Gort an Chalaidh, Pollach Riabhach, Saighleán agus Sceach Liag.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Leacach Beag i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Cill Torróg agus Na Croisíní.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Lisín an Bhealaigh i gcontae na Gaillimhe atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: An Carn Mór Thoir.

Contae Chiarraí

Ciarraí Thiar

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Cill Chuáin, Cill Maoilchéadair, Cinn Aird, Daingean Uí Chúis, Dún Chaoin, Dún Urlann, Ceann Trá, Na Gleannta, Márthain, An Mhin Aird, An Baile Dubh, An Clochán agus Cé Bhréanainn.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair an tSráidbhaile i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Fearann Dealúigh, Formaoil agus An Scragán.

Ciarraí Theas

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Baile an Sceilg, Doire Ianna, Toghroinn Fhíonáin agus Máistir Gaoithe.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair an Bhaile Bhric atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Na Cáintíní, Gort na Meacanaí, Na Grága, Inse Fhearann na gCléireach, Íochtar Cua, An Seanchnoc, Na Tuairíní agus Tuairín Uí Dhuinnín.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair na mBeathacha i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Oileán Buí

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chathair Dónall i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Com na hEorna Thiar, Com na hEorna Thoir, An Gleann Beag, Gort na Cille agus An Ráth.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Cheannúch i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bun an Doirín, Caol an Phréacháin Thiar, Caol an Phréacháin Thoir, Ceannúigh, Cill Mhic Iarainn Thiar, Cill Mhic Iarainn Thoir, Cois Chomarach, Com Dhá Stua, Drom Oireach, An Fhaill Dronnach, An Inse Bhuí agus Málainn.

6. An chuid sin de thoghroinn cheantair Dhoire Fhíonáin i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Fhinn, Cathair na Gaoithe, Com an tSleabhcáin, Doire Fhíonáin Beag, Doire Fhíonáin Mór, An Fearann Iarthach, An Lóthar, An Rinn Iarthach, An Rinnín agus Teamhair.

7. An chuid sin de thoghroinn cheantair an Imligh i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Ceann Eich, An Chluain, Fearann na hAbhann, An Garraí Glas, Imleach Draighneach, Imleach Lao, An tImleach Mór Thiar, An tImleach Mór Thoir, Imleach na Muc, An Mhaoilinn, Meall na hÓn, Moing Uí Dhúda, An Mhuiríoch, An Rinn Rua agus An Tulaigh.

8. An chuid sin de thoghroinn cheantair Loch Luíoch i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Chathair Bhearnach, Clochbhuaile, Na Comáin agus An Gleann Beag.

9. An chuid sin de thoghroinn cheantair Thrian Iarthach i gcontae Chiarraí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Formaoil agus Sosadh.

Contae Chorcaí

Múscraí

1. Na toghranna ceantair seo a leanas: Doire Fhínín, Gort na Tiobratan, An Sliabh Riabhach, Na hUláin agus Ceann Droma.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhéal Átha an Ghaorthaidh (Dún Mánmhaí) i gcontae Chorcaí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Barr Garbh, Caolmhagh Beag, Caolmhagh Mór, Carraig na Muc, An Chlochbhuaile, Cornaire, Doire Mhic Coirnín, Doire Uí Ríordáin Thuaidh, Doirín na Coise, Doirín Dún Aodha, Gaorthadh na Péice, An Inse Bheag, Inse an Osaidh, Inse idir Dhá Aill, An Inse Mhór, Oileán Eidhneach Thiar, Oileán Eidhneach Thoir agus An Tuairín Dubh.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhéal Átha an Ghaorthaidh (Maigh Chromtha) i gcontae Chorcaí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Charraig, An Charraig Bhán, Carraig na Damhaire, Ceapaigh na Mine, Céim Chorrbhuaile, An Chill Mhór, An Com Dorcha, Na Curraithe, Doire na Buairce, Doire an Chladaigh, Doire an Longaigh, Drom an Ailigh, Goirtín na Coille, Goirtín Eoghain, An Goirtín Fliuch, Gort Luachra, Gort an Phludaigh, Ladhar na Gaoithe, An Leaca Bhán, An Meall Mór, Ros an Locha, An Screathan Mór agus Tuairín Leathard.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chill na Martra i gcontae Chorcaí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Uí Bhuaigh, Cathair Céirín, Coill Fuinseann, Inse na hAmhraí, Pruchas, Brachán, Cluain Clod, An Chúil Cham, Drom an Gharraí, Drom Óinigh, An Drom Réidh, Dún Dea-radhairc, An Seantóir, An Cnoc Rua, Páirc an Oileáin agus Seanbhaile Sheáin.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chlaonrátha i gcontae Chorcaí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Cathair na Cáithe, Claonráth Theas, Claonráth Thuaidh, Com an Leadhbáin, Doire an Aonaigh, Doire Ghiolla Fhinn, Eachros, Gort na Móna, Mill Mearáin agus Ráth Ghaiscígh.

Cléire

1. An chuid sin de thoghroinn cheantair Chléire i gcontae Chorcaí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Ardghort, Baile Iarthach Theas, Baile Iarthach Thuaidh, Comalán, Ceathrúna, Cnocán na mBairneach, Cnocán an Choimhthigh, Cill Leice Fórábháin, Coinlín, Crathach Thiar, Crathach Thoir, Gleann Meánach, Gleann Iarthach, Gleann Oirtheach, Gort na Lobhar agus Lios Ó Móine.

Contae Phort Láirge

Na Déise

1. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile Mhac Airt i gcontae Phort Láirge atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Mhac Airt Íochtarach, Baile na Móna Íochtarach, Baile na Móna Uachtarach, Baile Uí Churraoin Theas, Baile Uí Churraoin Thuaidh, Baile an tSléibhe Theas, Baile an tSléibhe Thuaidh, Baile Uí Threasnáin, An Cnocán Rua, Cruabhaile Íochtarach, Cruabhaile Uachtarach, Loiscreán, Áthán, Baile na hArda, Baile Mhac Airt Uachtarach, Baile an Aicéadaigh, Baile Mhic Giolla Mhuire, Baile an Róid, Cill Cholmáin, Cnoc na gCapall, Fearann an Lóintigh, An Gabhlán, Na Geataí, An Mhóin Fhionn, Móin an Ghiumhais, Ráth Léad agus Sliabh an Ghabhláin.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair na Rinne i gcontae Phort Láirge atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile na Cúirte Theas, Baile na Cúirte Thuaidh, Baile na nGall Beag, Baile na nGall Mór, Baile Uí Raghallaigh, Barr na Stuac, An Carraigín, Cill an Fhuarthainn, Cnoc an Fhréinigh, Cnocán an Phaoraigh Íochtarach, Cnocán an Phaoraigh Uachtarach, An Fhaiche, Gleann an Fhíoruisce, Gort na Daibhche Íochtarach, Gort na Daibhche Uachtarach, Heilbhic, Log na Giumhaisí, An Léith, Maoil an Choirnigh, An Mhóin Bhreac, An Móta, Rath na mBiníneach, An Ré Mheánach, Seanchluain, An tSeanchill, Barr na Léithe, An Coinigéar, An Goirtín, An Ré Dhóite agus An Seanbhaile.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair Airde Móire i gcontae Phort Láirge atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Carraigín, An Chúil Rua, Móin na mBráthar, Móin an Fhia, Móin na mBian, Ré na gCloichín, Ré na gCuilí, Na Roisíní, An Scardán agus An Screathan.

Contae na Mí

Ráth Chairn agus Baile Ghib

1. An chuid de thoghroinn cheantair Chill Bhríde i gcontae na Mí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Cill Bhríde agus Tulach Chonóg.

2. An chuid sin de thoghroinn cheantair Dhomhnach Phádraig i gcontae na Mí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Ghib, Diméin Bhaile Ghib, Ráth an Tancardaigh, Cluain an Ghaill agus Domhnach Phádraig.

3. An chuid sin de thoghroinn cheantair na Rátha Móire i gcontae na Mí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Ráth Chairn, Driseog, Doire Longáin agus Tlachta.

4. An chuid sin de thoghroinn cheantair Thailtean i gcontae na Mí atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Órthaí agus Tailtin.

5. An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile Átha Buí i gcontae na Mí atá comhdhéanta de bhaile fearainn Bhaile Mhistéil.

AGUISÍN 3: MÚNLA DO PHLEAN TEANGA

ACHT NA GAELTACHTA 2012

MÚNLA DO PHLEAN TEANGA

foilsithe ag
Údarás na Gaeltachta
i gcomhar leis
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Bealtaine 2016

Údarás na Gaeltachta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

RÉAMHRÁ

Cuirtear an múnla do phlean teanga seo i láthair ar mhaithe leis an gcúram a bhaineann le hullmhú agus le cur i bhfeidhm plean teanga a éascú, a shoiléiriú agus a shimpliú. Cé gurb iad na ceanneagraíochtaí a bheidh freagrach as pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú is mó a bhainfidh leas as an múnla, beidh sé ina chuidiú chomh maith do gach páirtí leasmhar - idir phobail na limistéar, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon, chun a bheith níos soiléire faoi cén bhaint atá acu leis an bpróiseas. Is trí chur chuige comhpháirtíochta idir an pobal agus na heagraíochtaí pobail - i gcomhar leis an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, is ea is fearr a chuirfear an próiseas pleanála teanga i bhfeidhm.

Is iomlánú é an múnla seo ar an 5 chéim faoi leith a bhaineann le plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, mar atá rianaithe sna **Treoirlínte Pleanála Teanga:**

Tá na céimeanna thuas ag croílár an phróisis agus beifear ag súil leis dá réir go mbeidh siad ag croílár pleananna a chuirtear faoi bhráid na Roinne agus iad le faomhadh ag an Aire.

Tá na míreanna a leanas sa mhúnla:

1. Cúlra an phróisis pleanála teanga
2. Sonraí na ceanneagraíochta
3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga
4. Léargas ar ullmhú an phlean
5. Torthaí an taighde
6. Bearta an phlean teanga
7. Costais agus maoiniú
8. Forbairt feasachta agus poiblíocht
9. Feidhmiú agus monatóireacht

Beidh tréimhse 7 mbliana ann chun plean teanga a chur i bhfeidhm tar éis é a bheith faofa ag an Aire. Tá sé i gceist ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpleananna i mbliain 3 agus i mbliain 6 de shaolré gach plean de ghnáth, nó níos minice ná sin má cheaptar go bhfuil gá leis. Beifear ag súil leis chomh maith áfach go mbeidh monatóireacht leanúnach á déanamh ag na ceanneagraíochtaí féin ar chur i bhfeidhm a gcuid pleananna féin thar an tréimhse sin.

Ós rud é gur próiseas é seo atá á chur i bhfeidhm ar bhonn comhpháirtíochta d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh amach anseo ar an gcur chuige a leagtar amach sa mhúnla seo, ag brath ar pé aiseolas a fhaightear.

Bealtaine 2016

MÍREANNA AN PHLEAN TEANGA

Seo a leanas an leagan amach de réir caibidle a mbeifear ag súil leis i bplean teanga.

1. CÚLRA AN PHRÓISIS PLEANÁLA TEANGA

- Ar mhaithe le comhthéacs an phlean teanga a mhíniú, tabhair léargas ar chúlra an phróisis agus an phlean – i.e. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, Acht na Gaeltachta 2012. Is leor leath leathanaigh nó mar sin.

2. SONRAÍ NA CEANNEAGRAÍOCHTA

- Tabhair eolas ginearálta faoin gceanneagraíocht agus faoin gcoiste stiúrtha atá agus a bheidh ag plé leis an bplean (cúlra, baill, taithí)
- Aon eolas ábhartha eile

3. LÉARGAS AR AN LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA

- Tabhair léargas ginearálta ar staid reatha an limistéir, ag cuimsiú go háirithe na réimsí a leanas:
  - topagrafaíocht - mar shampla, an bhfuil sliabh ag scaradh cuid amháin den limistéar ó chuid eile, an bhfuil ceangal maith bóthair idir na codanna éagsúla den phobal;
  - daonra - méid, dlús, sonraí phróifíl aoise an daonra. Is leor daonáireamh 2006 agus 2011 a úsáid;
  - an córas oideachais lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais;
  - seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
  - seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
  - deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
  - an earnáil ghnó;
  - eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
  - na meáin chumarsáide;
  - seirbhísí poiblí;
  - pleanáil agus forbairt fhisiceach;
  - seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
  - staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith.
- Ba chóir úsáid chuí a bhaint as mapaí, táblaí agus graif chun cur le soiléireacht an eolais atá á chur i láthair.

4. LÉARGAS AR ULLMHÚ AN PHLEAN

- Tabhair cur síos gairid ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas.
- Léirigh cad a rinneadh chun feasacht, spéis agus dílseacht an phobail a chothú i leith ullmhú an phlean go dtí seo.
- Tabhair léargas ar an taighde a rinneadh mar chuid d'ullmhú an phlean; idir an úsáid a baineadh as an raon taighde ábhartha atá ar fáil cheana féin chomh maith le haon taighde faoi leith a rinneadh sa bhreis air sin.
- Tabhair cur síos ar an gcaoi ina ndearnadh an taighde thuasluaite – cén uair a thosaigh sé agus a chríochnaigh sé chomh maith le haon eolas ábhartha eile.

- Beifear ag súil leis go mbeidh úsáid chuí á baint as foinsí ábhartha faisnéise lena n-áirítear:
  - torthaí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh ó 2006 agus 2011;
  - an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007* agus *an Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*.
  - an Córas Faisnéise Geografaí (GIS) don phróiseas pleanála teanga, a bhfuil fáil air ar shuíomh na Roinne.

5. TORTHAÍ AN TAIGHDE

- Ba chóir torthaí an taighde a chur i láthair faoi na ceannteidil/téamaí a leanas:
  - dearcadh phobal an limistéir i leith na Gaeilge;
  - cumas phobal an limistéir sa Ghaeilge;
  - nósmhaireacht phobal an limistéir maidir lena húsáid;
  - mianta an phobail ina leith;
  - sonraí faoi na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil don teanga sa limistéar;
  - torthaí eile mar a bhaineann siad leis na réimsí thuasluaite;
  - torthaí agus tátal an taighde lena n-áirítear torthaí mar a bhaineann siad le gach ceann de na réimsí A go K atá luaite faoi mhír 7 thíos.

6. BEARTA AN PHLEAN TEANGA

- Ba chóir a chinntiú i leith gach birt a leagtar amach sa phlean, gur beart sonrach, intomhaiste, indéanta agus ábhartha atá i gceist agus go bhfuil tréimhse ama luaite lena chur i bhfeidhm.

- Sonraigh aidhm straitéiseach an phlean

- **Beart:** cuir síos ar an méid atá i gceist a dhéanamh
- **Réimsí:** Sonraigh na réimsí – A go K thíosluaite – lena mbaineann an beart:
- **Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart** (féach leat Aguisín 1 níos luaithe)**:**
- **Eolas breise faoin mbeart:**
- **Aidhm an bhirt:**
- **Príomhúinéir an bhirt:**
- **Páirtithe leasmhara agus a ról:**
- **Saolré an bhirt:**
- **Costas measta iomlán:**
- **Costas measta in aghaidh na bliana:**
- **Foinse(í) maoinithe:**
- **Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm:**
- **Conas a shárófar an/na dúshlá(i)n sin:**
- **Conas a dhéanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:**

Ní foláir na réimsí a leanas a chuimsiú mar is cuí sna bearta:

A. an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
B. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
C. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
D. deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
E. an earnáil ghnó;
F. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
G. na meáin chumarsáide;
H. seirbhísí poiblí;
I. pleanáil agus forbairt fhisiceach;
J. seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
K. staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmhaireacht an phobail ina leith

Mar léargas air seo, seo a leanas <u>sampla</u> de bheart faoi leith:

- **Beart::** club óige a bhunú
- **Réimse: Sonraigh na réimsí – A go K thuasluaite – lena mbaineann an beart**: C
- **Sonraigh an critéar/na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart:** 6 agus 10
- **Eolas breise faoin mbeart:** Club óige do pháistí 7–11 bliana d'aois a bhunú, chomh maith le club do phaistí 12–14 bliana agus ceann do pháistí 15–18 mbliana. An club le bheith lonnaithe i Halla an Phobail agus teacht le chéile go seachtainiúil. Le clárú le hÓige na Gaeltachta agus tacaíocht a fháil uathu ó thaobh oiliúint a chur ar na hoibrithe óige agus plean gníomhaíochtaí a leagan amach.
- **Aidhm an bhirt:** An Ghaeilge a threisiú i measc aos óg an limistéir.
- **Príomhúinéir an bhirt:** an cheanneagraíocht
- **Páirtithe leasmhara agus a ról:** Muintearas–Óige na Gaeltachta, Foróige (comhairle ó thaobh maoiniú), An Comharchumann (spás chun teacht le chéile), Gael-Linn (comórtais éagsúla do ghrúpaí óige).
- **Saolré an bhirt:** an club óige a bhunú i mBliain 1, an Club 12–14 a bhunú i mBliain 2, agus an Club 15–18 a bhunú i mBliain 3.
- **Costas measta iomlán:**
- **Costas measta in aghaidh na bliana:**
- **Foinse(í) maoinithe:** luaigh an eagraíocht agus/nó an scéim/tionscnamh atá i gceist más ann dó.
- **Sonraigh aon dúshlán a bhaineann lena chur i bhfeidhm:**
- **Conas a shárófar an/na dúshláin sin:**
- **Conas a dhéanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:**

7. COSTAIS AGUS MAOINIÚ

- Cé gur gá sonraí a chur ar fáil faoi mhír 6 thuas maidir leis an gcostas measta a bhaineann le gach ceann de bhearta sonracha an phlean de réir mar a oireann, ba chóir an costas measta iomlán a bhainfidh le cur i bhfeidhm na mbeart trí chéile a bheachtú anseo.
- Ní foláir a chur san áireamh go bhfuil raon leathan scéimeanna, tionscnamh agus beart á gcur ar fáil ag an Roinn, ag an Údarás agus ag eagraíochtaí eile i gcásanna áirithe cheana féin a d'fhéadfadh a bheith ábhartha.

8. FORBAIRT FEASACHTA AGUS POIBLÍOCHT

- Sonraigh conas a thabharfar faoi spéis, feasacht agus dílseacht an phobail a chothú agus a mhúnlú i leith an phróisis agus an phlean thar a shaolré.

9. FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT

- Léirigh conas a dhéanfaidh an ceanneagraíocht féin monatóireacht ar fheidhmiú an phlean. Tá sampla de mhúnla monatóireachta thíos mar áis.

TEIMPLÉAD ATHBHREITHNITHE AGUS MONATÓIREACHTA

Ba chóir é seo a dhéanamh go tráthrialta maidir le gach beart sonrach den phlean a leagtar amach faoi mhír 6 thuas. Braithfidh minicíocht an athbhreithnithe agus na monatóireachta ar an mbeart féin. I gcás beart ar nós club óige a bhunú nó ranganna Gaeilge a eagrú, cuir i gcás, beidh gá le monatóireacht níos minice (uair sa téarma acadúil) ná beart maidir le stocaireacht, mar shampla.

Táscaire Feidhmíochta	An Sprioc	An Toradh (le líonadh ag deireadh na bliana)
Nótaí		

Anailís SWOT ar fheidhmiú an chlub:

Láidreachtaí	Laigí
Deiseanna	**Bagairtí**

Dáta:
Síniú:

Sampla den Teimpléad Monatóireachta

Táscaire Feidhmíochta	An Sprioc	An Toradh (le líonadh ag deireadh na bliana)
Líon na bpáistí ag freastal ar an gclub óige	20% den phobal faoi 18 mbliana ag freastal faoi dheireadh bhliain 1	15% den phobal 7-11 ag freastal
Nótaí		
Tuigtear go bhfuil club óige trí mheán an Bhéarla ag feidhmiú i mbaile taobh amuigh den Ghaeltacht agus go bhfuil daoine óga an cheantair ag freastal air sin. Pléadh cónascadh a dhéanamh leis an gclub ar bhealach a ligfeadh do bhaill an chlub eile freastal ar na himeachtaí céanna a reáchtálaimid féin.		

Anailís SWOT ar fheidhmiú an chlub:

Láidreachtaí	Laigí
Deiseanna	**Bagairtí**

Dáta:
Síniú:

Amharcóir Mapa - Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta

Conas an t-amharcóir mapa a úsáid agus ceisteanna coitianta

1. Cén chaoi a n-oibríonn an t-amharcóir mapa?

Tá roinnt cnaipí ar an bpríomhbharra uirlisí i bhfeidhmchlár an amharcóra agus déantar cur síos sa tábla thíos ar a bhfeidhm agus ar a bhfeidhmiúlacht.

Uirlis	Cur Síos
	Is cnaipe eolais é seo a chuireann eolas achomair ar fáil ar Phleanáil Teanga agus ar na sonraí staidrimh atá i bhfeidhmchlár an amharcóra.
	Taispeánann an uirlis seo eochair eolais i gcomhair sraith sonraí ar bith atá gníomhach agus atá seiceáilte agus infheicthe i bpríomhfhuinneog an mhapa.
	Taispeánann uirlis an Liosta Sraitheanna an liosta de shraitheanna sonraí atá ar fáil agus ar féidir a thaispeáint i bpríomhfhuinneog an mhapa. Taispeántar sa phána ar an taobh sraitheanna sonraí an mhapa atá ar fáil nuair a chliceálann tú ar an uirlis seo. Is féidir sraitheanna aonair sonraí a chasadh air nó a mhúchadh trí tic a chur sa bhosca le taobh ainm na sraithe sa phána ar an taobh. Is féidir leat trédhearcacht na sraithe a athrú, nó sraitheanna a bhogadh suas/síos an liosta, trí chliceáil ar an tsaighead tar éis ainm na sraithe.
	Ceadaíonn an uirlis leabharmhairc duit zúmáil isteach ar limistéar réamhshainithe. Tá leabharmhairc réamhshocraithe do na ceantair Ghaeltachta san amharcóir. Is féidir leat do chuid leabharmharc féin a chur leis maidir le ceantar ar bith a roghnaítear laistigh de phríomhfhuinneog an mhapa.
	Is í seo uirlis ghailearaí an bhonnmhapa. Tugann sí deis duit an mapa bunúsach a athrú go roinnt roghanna sraithe de mhapaí na Suirbhéireachta Ordanáis agus de ghrianghraif ón aer. Is sraith mapa Gaeilge na Suirbhéireachta Ordanáis an mapa réamhshocraithe.

2. Cén fhaisnéis atá ar fáil i sraitheanna sonraí an mhapa?

Le sraitheanna sonraí an phríomh-mhapa atá le feiceáil san amharcóir léirítear na sonraí staidrimh ón staidéar: *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011.*Ó Giollagáin,C., & Charlton, M. - a d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta in 2015. Rinne an staidéar sin anailís ar na sonraí a bhailigh an Phríomhoifig Staidrimh (CSO) trí na daonáirimh náisiúnta in 2006 agus 2011. Cuirtear na sonraí staidrimh ar leibhéal úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht i láthair anseo i sraitheanna sonraí an mhapa de réir na dToghrann.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar theorainneacha na dToghrann, féach ar shuíomh gréasáin an CSO: http://census.cso.ie/censusasp/saps/boundaries/eds_bound.htm
Tá dhá shraith sonraí ann freisin a léiríonn suíomh agus saintréithe bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus is sonraí sealadacha iad don scoilbhliain 2014/2015.

Sula n-úsáidfidh tú an t-amharcóir mapa seo, is fiú duit eolas maith a chur ar Cheist 14 d'fhoirm an daonáirimh náisiúnta:
http://www.census.ie/An-Daon%C3%A1ireamh-agus-Tusa/Gach-ceist-go-mion.109.2.aspx.

Is iad na freagraí ar an tsraith ceisteanna Gaeilge seo sa daonáireamh, crostagartha le paraiméadair aoise agus daonra iomláin, a úsáideadh sa staidéar thuasluaite agus ansin san amharcóir mapa seo. Déantar cur síos sa tábla thíos ar ábhar agus brí gach ceann de shraitheanna sonraí an mhapa atá taispeánta in amharcóir mapa na Limistéar Pleanála Teanga.

Ainm na Sraithe	Cur Síos
Limistéir Pleanála Teanga	Teorainneacha na Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta mar atá leagtha amach faoi Acht na Gaeltachta 2012.
% CL (3 bl. +) 2011	Cainteoirí Laethúla Gaeilge – 3 bliana +, léirithe mar chéatadán den daonra iomlán de réir Toghroinne.
% CL 3-18 bl. 2011	Cainteoirí Laethúla Gaeilge – 3 bliana go 18 mbliana, léirithe mar chéatadán den daonra iomlán de réir Toghroinne.
% CL 19 mbl. + 2011	Cainteoirí Laethúla Gaeilge – 19 bliana +, léirithe mar chéatadán den daonra iomlán de réir Toghroinne.
% CL 3-18 bl. (θ Oid.) 2011	Cainteoirí Laethúla Gaeilge – a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais, léirithe mar chéatadán den daonra iomlán de réir Toghroinne.
Athrú CL i bhfoirm % (3 bl. +) 2006-2011	Cainteoirí Laethúla Gaeilge – athrú céatadáin 2006-2011 de chéatadán an daonra iomláin de réir Toghroinne.
Briseadh Síos ar Struchtúr Aoise (2011)	Figiúirí an daonra iomláin do dhaoine os cionn 3 bliana le briseadh síos de réir aoischohóirt 2011
Líon Daoine ag labhairt Gaeilge sa Ghaeltacht (2011)	Céatadán den daonra iomlán ag labhairt Gaeilge sa Ghaeltacht 2011
Bunscoil	Suíomh na mbunscoileanna
Iar-bhunscoil	Suíomh na n-iarbhunscoileanna

3. Conas is féidir liom na sraitheanna sonraí a úsáid?

Moltar an modh seo a leanas a úsaid le bogadh idir sraitheanna sonraí an mhapa agus eolas a fháil fúthu.

1. Cas air sraith sonraí an mhapa atá uait

Cliceáil an boiscín taobh le sraith sonraí an mhapa atá uait sa phána ar an taobh. Beidh sraith sonraí an mhapa le feiceáil anois i bpríomhfhuinneog an mhapa. (Moltar do dhaoine atá á úsáid den chéad uair an tic a bhaint de gach sraith seachas an ceann a bhfuil suim acu inti, mar atá le feiceáil sa seat den scáileán thíos. Ciallóidh sé seo nach mbeidh ach sraith amháin ghníomhach le feiceáil i bhfuinneog an mhapa.)



2. Sraith sonraí ghníomhach an mhapa a cheistiú

Níl le déanamh ach cliceáil ar an Toghroinn ábhartha i bpríomhfhuinneog an mhapa. Tiocfaidh fuinneoigín aníos agus beidh na sonraí staidrimh ábhartha ón daonáireamh le feiceáil inti.



<u>Sampla 1:</u> Cainteoirí Laethúla Gaeilge – a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais, 3-18 mbliana, léirithe mar chéatadán den daonra iomlán de réir Thoghcheantar *Alt na Péiste* i nGaeltacht Dhún na nGall. Cuirtear na figiúirí céatadáin do dhaonáirimh 2006 agus 2011 i láthair i dteannta an chéatadán d'athrú idir an dá dhaonáireamh.



Sampla 2: Cainteoirí Laethúla Gaeilge – 19 mbliana +, léirithe mar chéatadán den daonra iomlán de réir Thoghcheantar *Bhaile na Finne* i nGaeltacht Dhún na nGall. Cuirtear na figiúirí céatadáin do dhaonáirimh 2006 agus 2011 i láthair i dteannta an chéatadán d'athrú idir an dá dhaonáireamh.



Sampla 3: Figiúirí an daonra iomláin do dhaoine os cionn 3 bliana le briseadh síos de réir aoischohóirt 2011 do Thoghcheantar *Árainn Mhór* i nGaeltacht Dhún na nGall.



4. Cad iad na Toghranna atá roinnte idir 2 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (LPT)?

Seo a leanas na Toghranna atá roinnte idir 2 LPT:

Toghroinn Dhún Lúiche: roinnte idir
- LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir agus
- LPT Chloich Chionnaola, Ghort an Choirce, An Fháil Charraigh agus Mhachaire Rabhartaigh

Toghroinn Ghort an Choirce: roinnte idir
- LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir agus
- LPT Chloich Chionnaola, Ghort an Choirce, An Fháil Charraigh agus Mhachaire Rabhartaigh

Toghroinn Anagaire: roinnte idir
- LPT na Rosa agus
- LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir

Toghroinn Mhín an Chladaigh: roinnte idir
- LPT Thoraigh agus
- LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir

5. Cad iad na Toghranna a bhfuil cuid díobh lasmuigh den Ghaeltacht?

Tá liosta de na toghranna ar fad a bhfuil cuid díobh lasmuigh den Ghaeltacht ar fáil sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2007.*

Nótáil led thoil nach bhfuil torthaí daonáirimh i leith toghranna ná cuid de thoghranna a bhfuil daonra níos lú ná 75 duine ina chónaí sa Ghaeltacht á fhoilsiú leis an amharcóir seo. Ní thaispeánfar aon sonraí daonáirimh i leith na gceantar seo a bhfuil daonra íseal iontu nuair a cliceáiltear orthu.

6. Cén cineál bogearraí a úsáideadh agus cén fáth a bhfuil focail faoi leith ann i mBéarla?

Is iad ArcGIS Desktop (v. 10.3) agus ArcGIS Online na bogearraí a úsáideadh. Mar gheall gur úsáideadh feidhmchlár as an bpointe boise leis an amharcóir a chruthú tá píosaí áirithe den téacs cruachódaithe san fheidhmchlár agus ní féidir eagarthóireacht a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh foinse na sonraí atá i gceist a bheith mar chúis don Bhéarla chomh maith.

Naisc Úsáideacha

An Phríomhoifig Staidrimh (CSO): http://www.cso.ie/en/index.html
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann: www.osi.ie
Logainm.ie: http://www.logainm.ie/ga/

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Nollaig 2015